RÉIMSÍ SPÉISE GAIRME AGUS AN EARNÁIL PHOIBLÍ

poistphoiblí
publicjobs

Réimsí Spéise Gairme agus an Earnáil Phoiblí

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist éagsúla. Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta ón staidéar gairmthreorach atá déanta acu. Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a dhéanamh. Beidh tuiscint ag daltaí ar choincheap agus ar bhunús a bPróifíleora do Shainspéiseanna Gairme (PSG) agus beidh próifíl déanta acu trí CareersPortal.ie.

Acmhainní:

- Ríomhaire
- Teilgeoir
- Suíomh gréasáin Publicjobs.ie
- Clár Bán
- Leabhair oibre/cóipeanna do dhaltaí
- Fóin/iPadanna na ndaltaí
- Suíomh gréasáin CareersPortal.ie
- Carachtair don chomórtas beag, atá ceangailte le róil áirithe (béim ar shainspéiseanna agus scileanna an iarrthóra) san earnáil phoiblí
- Foirm aiseolais don chomórtas beag

Cuspóirí Foghlama:

- Na príomhréimsí san earnáil phoiblí agusna ranna rialtais éagsúla a aithint.
- Foghlaim conas nasc a dhéanamh idir róil ar leith san earnáil phoiblí, agus na hearnálacha lena mbaineanna siad; trí úsáid a bhaint as an bPróifíleoir do Shainspéiseanna Gairme.
- Róil oiriúnacha a aithint bunaithe ar shainspéiseanna, agus a chinntiú go bhfuil na róil sin ar fáil san earnáil phoiblí.
- Páirt a ghlacadh in obair ghrúpa chun plé a dhéanamh ar róil agus ar a n-oiriúnacht nuair a thugtar critéir ar leith.
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir ról san earnáil phoiblí a aithint.



Céimeanna an Cheachta:

1. Déan plé ar na heochairfhocail agus ar ainmneacha na ranna san earnáil phoiblí leis an ngrúpa, trí úsaid a bhaint as an ngrafaic eolais.
2. Pléigh cuspóirí foghlama an cheachta.
3. Pléigh coincheap na n-earnálacha. Bain úsáid as an scáthghrafaic agus as na samplaí oideachais chun plé a spreagadh.
4. Taispeáin an uirlis chuardaigh d'Earnálacha ar Careersportal.ie do na daltaí agus taispeáin 2 nó 3 shampla dóibh, go dtí go bhfuil tú sásta go bhfuil tuiscint ag an ngrúpa ar an gcaoi ar féidir earnálacha a chuardach agus post poiblí a aithint i gcomhthéacs níos leithne. Bain úsáid as an liosta de róil/d'earnálacha mar chabhair (más mian leat). Déan plé ar na 'dordfhocail' ar an sleamhnán. Cabhróidh sé sin leis na daltaí agus iad ag obair ar an ngníomhaíocht agus le deireadh an cheachta.
5. Bain úsáid as an gcuntas samplach agus cliceáil ar 'Eolas faoi Ghairmeacha'. Taispeáin do na daltaí conas na trí réimse spéise a chur isteach sna scagairí ar thaobh na láimhe clé. Déan plé ar an gcaoi a gclúdaíonn an earnáil phoiblí cuid mhaith de na hearnálacha (bheadh an liosta a bhí in úsáid sa cheacht "Eolas faoin earnáil phoiblí" úsáideach anseo). Iarr ar an ngrúpa tuairimí a thabhairt; roghnaigh 4 earnáil, ar a mhéad. Déan plé ar an uirlis 'Zóin Phoist' agus roghnaigh ceann amháin acu mar chuid de na scagairí, cabhróidh sé sin le do dhaltaí tuiscint a fháil ar an nasc idir cúrsaí agus gairmeacha. Déan plé ar na torthaí. Is féidir le daltaí teacht ar an bpróifíl spéise gairme a chruthaigh siad nuair a chruthaigh siad cuntas trí chliceáil ar 'Mo Phróifíl Ghairme' ar bharr an leathanaigh ar thaobh na láimhe clé.

poistphoiblí publicjobs

Réimsí Spéise Gairme agus an Earnáil Phoiblí

6. Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil sé riachtanach féachaint tríd an liosta chun na poist phoiblí a aimsiú. Beidh sé riachtanach tochailt a dhéanamh, agus cuirfidh sé sin lena scileanna taighde ar an ardán. Bain úsáid as an liosta (tabhair cóipeanna do na daltaí más mian leat - ach ní liosta iomlán é seo).

7. Déan plé ar 2 nó ar 3 shampla, go dtí go gceapann tú go dtuigeann an grúpa an chaoi a n-oibríonn an próiseas seo.

8. Mínigh an comórtas beag do na daltaí, is é 'déan naisc!' teideal an chomórtais seo. Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga (is féidir leat iarraidh orthu an tasc seo a dhéanamh ina n-aonar nó i mbeirteanna, más mian leat). Tabhair carachtair (Dave, Alex, Ali, Jesse) do na daltaí aonair nó do na grúpaí. Faigheann gach dalta/grúpa gearrthóg ar a bhfuil próifíl chuardaitheora poist a gcarachtair. Téigh trí cheann amháin acu leo. Freagraí ar shleamhnán 11.

9. Inis don ghrúpa go mbeidh 7-10 nóiméad acu chun ról a aimsiú ar CareersPortal.ie atá ceangailte leis an gcarachtar a tugadh dóibh; agus cinntitgh go bhfuil an ghreille mheatsála, ina gcuirtear ticeanna, comhlíonta acu, a léiríonn an ceangal idir a n-iarrthóir agus an ról. Ní mór dóibh ról san earnáil phoiblí a roghnú agus tá cead acu cabhair a lorg uaitse agus an tasc á dhéanamh acu.

10. Bain úsaid as an sleamhnán ar a bhfuil na torthaí agus as aiseolas agus plé chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hoiriúnacht agus féinfheasacht maidir le gairm a roghnú.

11. Déan plé ar an gcaoi a bhféadfadh gairmí bogadh ón earnáil phoiblí go dtí an earnáil phríobháideach, nó ón earnáil phríobháideach go dtí an earnáil phoiblí, mar chuid dá gconair ghairme.